



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

Ábhair agus a mBainistíocht
Modúl 4

Bonnsraith

[GSC41]



DÉ HAOINE 12 SAMHAIN 2010, IARNÓIN

AM

45 nójead.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na ndúl, ar fáil duit le húsáid.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	

Marc iomlán	
-------------	--

LEATHANACH BÁN

- 1 Úsáidtear plaisteach le hosáin ghairdín a dhéanamh.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (a) Luigh 3 fháth ar ábhar fóirsteanach é plaisteach le hosáin ghairdín a dhéanamh.

Roghnaigh ó:

solúbtha : **seoltóir** : **leáphointe íseal**

marthanach : **uiscedhíonach** : **inslitheoir**

1. _____

2. _____

3. _____

[3]

- (b) Ciorclagh an t-amhábhar a úsáidtear le plaisteach a dhéanamh.

uisce farraige : **ola** : **marmor** : **carbón**

[1]

- 2 (a) Anseo thíos tá **ceithre** mhodh braite coireanna a úsáidtear san eolaíocht fhóiréinseach. Agus línte in úsáid agat, ceangail gach modh braite leis an fhiannaise ar choir.

Modh braite

Solas UV

Anáileadán

Crómatagraíocht

Micreascóp

Fianaise ar choir

Duine ag tiomáint faoi thionchar an óil

Ruaimeanna difriúla sa dúch ar sheic brionnaithe

Méarloit ar fhuinneog ag láthair robála

Snáithíní ag láthair robála

Nótaí bainc brionnaithe

[4]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (b) Fuarthas méarlorg ar dhoras cairr bhán BMW a goideadh.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

D'úsáid eolaithe fóiréinseacha na céimeanna anseo thíos le cóip den mhéarlorg a dhéanamh. Níl na céimeanna san ord ceart.

- A Scuab a úsáid leis an phúdar breise a bhaint de**
- B An tseilitéip a bhaint de go cúramach**
- C Seilitéip a chur ar an mhéarlorg**
- D Púdar carbóin a spré go cúramach ar an mhéarlorg**

- (i) Agus na litreacha A, B, C, agus D in úsáid agat, cuir na céimeanna san ord ceart.

Ord _____ [2]

- (ii) Cad chuige ar úsáideadh púdar carbóin leis an mhéarlorg ar an charr bhán BMW a fháil?


_____ [1]

- 3 Taispeánann an tábla anseo thíos an méadú bliantúil céatadánach ar an méid nana-airgid a táirgeadh i monarcha ceimiceán ó 2004 go dtí 2009.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Bliain	Méadú % ar an méid nana-airgid a táirgeadh
2004	0
2005	12
2006	21
2007	34
2008	48
2009	59

- (a) (i) Comhlánaigh an **bharrachairt** agus an fhaisnéis sa tábla in úsáid agat.



[2]

- (ii) Cén dá bhliain ar tháinig an méadú céatadánach is mó ar tháirgeadh nana-airgid eatarthu?

_____ agus _____

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (iii) Luaigh úsáid amháin atá le nana-airgead.

[1]

- (iv) Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Tá caithníní nana-airgid _____ ó thaobh
méide de, i gcomparáid le gnáthcháithníní airgid. [1]

- (b) Athraíonn an ruaim fhótacrómach sa T-léine thíos ó ghorm go glas
faoi sholas geal na gréine.



© Q Gifts Inc.

- (i) Cén cineál d'ábhar é ruaim fhótacrómach?

Roghnaigh ó:

nana-ábhar : ábhar cliste : comhábhar

_____ [1]

- (ii) Cad chuide a n-athraíonn dath na ruáime ar an T-léine?

_____ [1]

- 4 (a) Rangaigh na hábhair seo a leanas mar ábhair in-bhithmhillte nó mar ábhair dho-bhithmhillte.

copar : cairtchlár : polaitéin

bríci : féar : alúmanam

In-bhithmhillte	Do-bhithmhillte

[3]

- (b) Mínigh ina iomláine an fáth a gcuirtear síos ar pháipéar mar ábhar **in-bhithmhillte**.

[2]


- (c) Mínigh ina hiomláine fadhb amháin a bhíonn ag comhairlí áitiúla le dramhaíl phlaisteach.

[2]

Scrúdaitheoir Amhán	
Marcanna	Athmharc

- 5 (a) Taispeánann an bhlocléaráid seo a leanas an próiseas athchúrsála gloine.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



- (i) Mínigh cad é a tharlaíonn ar chéim 2 den phróiseas.

_____ [1]

- (ii) Cad é mar a dhéantar an ghloine ó na bainc bhuidéal a athrú ina cuilléid?

_____ [1]

- (iii) Luaigh fáth amháin a bhfuil sé tábhachtach gloine a athchúrsáil.

_____ [1]

- (b) Is as plaisteach, seachas gloine, a dhéantar cuid mhór buidéal sa lá atá inniu ann. Luaigh dhá fháth le cad chuige.

1. _____

2. _____ [2]

- 6 Tá faisnéis sa tábla thíos ar an raon fiuchta atá i gceist le cuid de na codáin hidreacarbón a fuarthas ó amhola.

Scrúdaitheoir Amhán	
Marcanna	Athmharc

Codán	Raon fiuchta/°C	Líon na n-adamh carbóin sna móilíní
peitreal	20–70	idir 5 agus 9
pairifín	120–170	idir 10 agus 14
díosal	170–230	idir 15 agus 20
tarra	os cionn 350	idir 21 agus 70

- (a) (i) Cé acu codán ag a bhfuil an líon is mó d'adaimh charbóin sna móilíní ann?

_____ [1]

- (ii) Comhlánaigh an abairt seo a leanas le treocht, atá léirithe ag an fhaisnéis thusa, a chur i iúl.

De réir mar a bhíonn líon na n-adamh carbóin sna móilíní ag

méadú _____ [1]

- (iii) Luaigh úsáid amháin atá leis an chodán pairifín.

_____ [1]

(b) Tá ochtán ar cheann de na breoslaí hidreacarbóin sa chodán peitril.

- (i) Mínigh ina ionláine an fáth ar **hidreacarbón** é ochtán.

[2]

- (ii) Comhlánaigh an chothromóid focal d'ochtán atá ag dó go hiomlán in ocsaigin.

ochtán + ocsaigin → uisce + _____ [1]

- (iii) Luaigh fáth amháin a bhfuil imní ar dhaoine ar fud an domhain maidir le dó ochtáin.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 7 Rinne dalta imscrúdú ar an chruas uisce i gceithre shampla (A, B, C agus D). Thastáil sé gach sampla trí 25 cm^3 a chroitheadh le 25 braon de thuaslagán gallúnaí. Rinne sé na táistálacha seo arís le samplaí a bhí ar fiuchadh ar feadh dhá nóiméad. Tá na torthaí sa tábla thíos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Sampla	Roimh fhiuchadh	Arna fhiuchadh
A	Sobal	Sobal
B	Gan sobal ar bith	Sobal
C	Gan sobal ar bith	Gan sobal ar bith
D	Sobal	Sobal

(a) (i) Cé acu sampla (A, B, C nó D) ina bhfuil uisce crua buan?

[1]

(ii) Cé acu sampla (A, B, C nó D) ina bhfuil uisce crua sealadach?

[1]

(iii) Cé acu sampla (A, B, C nó D) a chruthódh na fadhbanna is mó maidir le coirt ar chitil?

[1]

(iv) Luaigne rud amháin a rinne an dalta lena chinntiú gur triail chothrom a bheadh sa turgnamh thuas.

[1]

- (b) (i) Ainmnigh comhdhúil cheimiceach atá freagrach as cruas buan in uisce.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (ii) Comhlánaigh an chothromóid focal lena thaispeáint cén dóigh a mbaintear cruas sealadach amach as uisce.

Hidrigincharbónait chailciam → _____ + dé-ocsaíd charbón + _____

[2]

- (iii) Luaign modh amháin le cruas buan a bhaint amach as uisce.

_____ [1]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an tábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.